Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en)

7882/19
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0225(COD)**

CODEC 791
CYBER 107
TELECOM 146
COPEN 131
COPS 98
COSI 58
CSC 114
CSCI 51
IND 105
JAI 333
JAIEX 50
POLMIL 34
RELEX 305

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

Is mian leis an Ríocht Aontaithe a chur in iúl go dtacaíonn sí leis an Rialachán maidir le ENISA, arb é "Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil" é, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 526/2013, agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide. Tá an Ríocht Aontaithe tiomanta do shlándáil agus cobhsaíocht a chur chun cinn sa chibearspás trí chomhar feabhsaithe idirnáisiúnta.

Ach is mian leis an Ríocht Aontaithe a chur in iúl nach n-aithníonn sí an téarma 'croí poiblí' (an idirlín oscailte) dá dtagraítear in Airteagal 5(3) agus in Aithris 23. Ós rud é gur gréasán ina bhfuil gréasáin é, ní aithníonn an Ríocht Aontaithe go bhfuil 'croí' ag an Idirlíon. Measann an Ríocht Aontaithe go bhféadfaí an friotal seo a úsáid chun ilroinnt an Idirlín a chur chun cinn, rud a dhéanfadh dochar do sheasaimh a ghlacfadh an tAontas agus Ballstáit agus iad ag iarraidh seo a sheachaint. D'fhéadfaí an téarma 'an pobal' a léirmhíniú mar fhreagracht rialtais as an Idirlíon, rud a thagann salach ar shamhail rialachais Idirlín na ngeallsealbhóirí éagsúla a dtacaíonn an tAontas gona Bhallstáit leis. Measann an Ríocht Aontaithe go bhfuil gá le tuilleadh plé chun an chaoi a labhraímid faoi na príomhfheidhmeanna atá mar bhonn agus taca ag gnáthoibriú an Idirlín a shainiú.

Creideann an Ríocht Aontaithe go fóill gurb é cur chuige na ngeallsealbhóirí éagsúla an bealach is fearr leis an gcastacht a bhaineann le rialú an Idirlín a bhainistiú agus leanfaidh sí de bheith ag iarraidh obair a dhéanamh lena comhpháirtithe idirnáisiúnta chun todhchaí fhadtéarmach an chibearspáis a chosaint, agus é saor, oscailte, síochánta agus slán.